2024/2944

2.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2944 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2024

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le fearais a dhónn breoslaí gásacha arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le fearais agus feistis atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe, nó codanna díobh, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha dá gcumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh a leagtar amach sa Rialachán sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe reatha a dréachtaíodh ar bhonn shainordú um chaighdeánú M/BC/CEN/06-89 an 29 Aibreán 1990 chun a áirithiú go leanfaidís de bheith ag teacht leis an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne chun na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426 a chomhlíonadh.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 ón gCoimisiún ([4]): EN 30-1-1:2021, EN 30-1-2:2023, EN 88-1:2022, EN 203-1:2021, EN 203-2-1:2021, EN 203-2-2:2021, EN 203-2-4:2021, EN 257:2022, EN 549:2019+A1:2023, EN 751-3:2022, EN 1106:2022, EN 1854:2022, EN 15502-1:2021, EN 15502-2-1:2022 agus EN 16898:2022. Mar thoradh air sin, ghlac CEN na caighdeáin chomhchuibhithe athbhreithnithe seo a leanas, faoi seach: EN 30-1-1:2021+A1:2023, EN 30-1-2:2023+A1:2024, EN 88-1:2022+A1:2023, EN 203-1:2021+A1:2023, EN 203-2-1:2021+A1:2023, EN 203-2-2:2021+A1:2023, EN 203-2-4:2021+A1:2023, EN 257:2022+A1:2023, EN 549:2019+A2:2024, EN 751-3:2022+A1:2023, EN 1106:2022+A1:2023, EN 1854:2022+A1:2023, EN 15502-1:2021+A1:2023, EN 15502-2-1:2022+A1:2023 agus EN 16898:2022+A1:2023.

(4) I gcomhar le CEN, rinne an Coimisiún measúnú ar na caighdeáin chomhchuibhithe a ndearna CEN athbhreithniú orthu féachaint ar caighdeáin iad a chomhlíonann an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/426/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2023 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le fearais gháis agus feistis chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2024 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le fearais a dhónn breoslaí gásacha chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/224, 12.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/224/oj).

(5) An tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 30-1-1:2021 maidir le sábháilteacht ghinearálta le haghaidh fearais chócaireachta tí a dhónn gás, foilsíodh an tagairt sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 maille le srianta. Ní thugtar aghaidh ar na srianta sin le caighdeán comhchuibhithe EN 30-1-1:2021+A1:2023.

(6) Na caighdeáin chomhchuibhithe a ndearna CEN athbhreithniú orthu ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)4789, cé is moite de chaighdeán comhchuibhithe EN 30-1-1:2021 +A1:2023, comhlíonann siad na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 30-1-1:2021+A1:2023 na ceanglais is aidhm dó a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426, cé is moite de na ceanglais a leagtar amach i bpointí 3.2.4 agus 3.4.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426. Is iomchuí dá bhrí sin an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srianta.

(8) Ar mhaithe le soiléireacht, réasúnaíocht agus simpliú, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426, is le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224 atá siad foilsithe faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá cinneadh nua a chur in ionad Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224.

(9) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh fearais a dhónn breoslaí gásacha agus le haghaidh feisteas arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/426, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear na tagairtí sin leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/224.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
1.	EN 30-1-1:2021+A1:2023 Fearais chócaireachta tí a dhónn gás — Cuid 1-1: Sábháilteacht - Ginearálta Srianta: (a) Le EN 30-1-1:2021+A1:2023, ní chumhdaítear an ceanglas riachtanach a leagtar amach i bpointe 3.2.4. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426; (b) Cumhdaítear le EN 30-1-1:2021+A1:2023 an ceanglas riachtanach a leagtar amach i bpointe 3.4.4. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426 a mhéid a bhaineann le haonocsaíd charbóin ach ní chumhdaítear an ceanglas sin a mhéid a bhaineann le tiúchain dhíobhálacha eile substaintí ar dócha go mbeidís ina mbaol don tsláinte.
2.	EN 30-1-2:2023+A1:2024 Fearais chócaireachta tí a dhónn gás - Cuid 1-2: Sábháilteacht - Fearais a bhfuil oighinn chomhiompair fhórsáilte acu
3.	EN 88-1:2022+A1:2023 Gairis sábháilteachta agus rialaithe do dhóirí gáis agus d'fhearais dóite gáis - Cuid 1: Rialtóirí brú do bhrúnna ionraoin suas le 50 kPa agus an brú sin san áireamh
4.	EN 203-1:2021+A1:2023 Trealamh lónadóireachta a théitear le gás - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta sábháilteachta
5.	EN 203-2-1:2021+A1:2023 Trealamh lónadóireachta a théitear le gás - Cuid 2-1: Riachtanais shainiúla - Dóirí oscailte agus dóirí wok
6.	EN 203-2-2:2021+A1:2023 Trealamh lónadóireachta a théitear le gás - Cuid 2-2: Riachtanais shainiúla — Oighinn
7.	EN 203-2-4:2021+A1:2023 Trealamh lónadóireachta a théitear le gás - Cuid 2-4: Riachtanais shainiúla — Friochtóirí
8.	EN 257:2022+A1:2023 Teirmeastait mheicniúla d'fhearais dóite gáis
9.	EN 549:2019+A2:2024 Ábhair rubair le haghaidh séalaí agus scannán le haghaidh gairis gháis agus trealamh gáis
10.	EN 751-3:2022+A1:2023 Ábhair shéalaithe le haghaidh hailt mhiotalacha snáithithe a theagmhaíonn leis na 1ú, 2ú agus 3ú gáis agus uisce teaghlaigh - Cuid 3: Téipeanna PTFE agus sreanga PTFE gan sintéir
11.	EN 1106:2022+A1:2023 Sconnaí a oibrítear de láimh d'fhearais dóite gáis
12.	EN 1854:2022+A1:2023 Feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí agus gaireas ina ndóitear breoslaí gásacha nó leachtacha - Feistí braite brú do dhóirí gáis agus do ghairis dóite gáis
13.	EN 15502-1:2021+A1:2023 Coirí téimh gásadhainte - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta agus tástálacha
14.	EN 15502-2-1:2022+A1:2023 Coirí téimh lárnaigh gásadhainte - Cuid 2-1: Caighdeán sainiúil maidir le fearais de chineál C agus fearais de chineál B2, B3 agus B5 le hionchur teasa ainmniúil nach sáraíonn 1 000 kW
15.	EN 16898:2022+A1:2023 Feistí sábháilteachta agus rialaithe le haghaidh dóirí gáis agus gairis dóite gáis - Scagairí gáis ag a bhfuil brú uasta oibre suas le 600 kPa agus é sin san áireamh